



Ar mhaith leat €4,200+ isteach i do lámh gach mí?

Ard-Diplóma sa Dlítheangeolaíocht agus san Aistriúchán Dlíthiúil 2017-18

Ard-Diplóma san Aistriúchán Dlíthiúil 2017-18

Is teanga oifigiúil den Aontas Eorpach í an Ghaeilge agus beidh institiúidí an AE ag earcú dlítheangeolaithe agus aistritheoirí dlíthiúla le hardchumas sa Ghaeilge as éadan as seo go deireadh 2021. Tá os cionn 100 aistritheoir Gaeilge agus os cionn 30 dlítheangeolaí Gaeilge le hearcú agus deireadh á chur leis an maolú ar stádas oifigiúil na Gaeilge san AE. Tá na poist seo ar fáil i bParlaimint na hEorpa, sa Choimisiún, sa Chomhairle agus sa Chúirt Bhreithiúnais, sa Bhruiséil agus i Lucsamburg. Tá tuarastal agus coinníollacha oibre den scoth i gceist.

Is ag aistriú reachtaíochta agus cáipéisí oifigiúla eile a bhíonn na haistritheoirí. Deimhníonn na dlítheangeolaithe, a bhfuil cáilíocht sa dlí acu, go bhfuil na leaganacha sna teangacha éagsúla den éifeacht chéanna ar fud an Aontais agus bíonn ról acu san idirbheartaíocht reachtach. Bíonn aistriúchán ar cháipéisí cúirte ar bun ag na dlítheangeolaithe sa Chúirt.

Is í aidhm na gcúrsaí, rannpháirtithe a ullmhú do scrúduithe earcaíochta an AE. Reáchtáiltear ranganna teanga gach Luan agus Céadaoin ó Dheireadh Fómhair go hAibreán, 6pm-9pm, agus na ranganna dlí agus ceardlanna ar chóras earcaíochta an AE thar 3 dheireadh seachtaine.

Riachtanais iontrála: Teastaíonn bunchéim leibhéal 8 agus caighdeán maith Gaeilge labhartha agus scríofa. Ní foláir d'iarthóirí an leibhéal seo cumais a léiriú go sásúil i **scrúdú iontrála** a reáchtálfar in Óstaí an Rí Dé Luain an **18 Meán Fómhair 2017 18:00-18:30**.

Má bhain tú amach TEG B2 (lánchreidiúnt) nó leibhéal níos airde ó 2015 i leith, is leor fianaise ina thaobh sin a chur chuig Óstaí an Rí seachas an scrúdú iontrála a shuí. Roinntear an líon teoranta áiteanna ar an gcúrsa ar bhonn fiúntais. Is gá freisin scileanna ríomhaireachta agus a bheith oscailte don tríú teanga Eorpach a thabhairt leat.

Maidir leis an gcúrsa sa Dlí-theangeolaíocht, teastaíonn céim sa Dlí a fhianaíonn staidéar ollscoile trí bliana ar a laghad nó a choibhéis nó a bheith cáilithe mar abhcóide nó atur nae in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe. Ní foláir fianaise maidir leis an gcáilíocht dlí a léiriú chun sástacht Óstaí an Rí le trascríbhinn torthaí. Ní féidir le hÓstaí an Rí aon ráthaíocht a thabhairt go n-éireoidh leis na rannpháirtithe poist a bhaint amach leis an AE tar éis dóibh na cúrsaí a chríochnú.

Cuireann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta tacaíocht ar fáil don dá chúrsa seo.

Tuilleadh eolais: Dáithí Mac Cárthaigh BL dmaccarthaigh@kingsinns.ie 087-2368364

www.kingsinns.ie



An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht



Would you like €4,200+ into your hand each month?

Advanced Diploma in Lawyer-linguistics and Legal Translation 2017-18

Advanced Diploma in Legal Translation 2017-18

Irish is an official language of the European Union and EU institutions will be recruiting lawyer-linguists and legal translators with high competence in Irish regularly between now and the end of 2021. Over 100 Irish translators and over 30 Irish lawyer-linguists will be recruited as the derogation on the official status of Irish in the EU comes to an end. These positions are available in the European Parliament, Commission, Council, and Court of Justice, located in Brussels and Luxembourg. Pay and conditions in such positions are excellent.

Translators translate legislation and other official documents. Lawyer-linguists, who have legal qualifications, ensure that the various language versions of legislation are of the same effect throughout the Union and they play a role in the legislative process. Lawyer-linguists in the Court of Justice translate court documents.

The aim of these courses is to prepare participants for the EU's recruitment examinations. The language classes are conducted Mondays and Wednesdays, October to April, 6pm-9pm. The law classes and workshops on EU recruitment are conducted over 3 weekends.

Admission criteria: A level 8 primary degree is required as well as a good standard of spoken and written Irish. Applicants must demonstrate this level of ability in an **entrance exam** in King's Inns Monday **18 September 2017 18:00–18:30**.

If you achieved TEG B2 (full credit) or higher in or since 2015, it will suffice to produce evidence of this to King's Inns rather than sitting the entrance exam. The limited number of places on the course is awarded on merit. Computer skills are also necessary as is openness to acquiring a third European language.

Regarding the lawyer-linguist course, a law degree evidencing at least three years university study or equivalent, is necessary or a qualification as a barrister or a solicitor in Ireland or the UK. One must produce evidence of such legal qualifications to the satisfaction of King's Inns by means of a transcript of results. King's Inns cannot guarantee that participants will secure employment with the EU on completion of the courses.

The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht provides monitory support for these courses.

Further Information: Dáithí Mac Cárthaigh BL dmaccarthaigh@kingsinns.ie 087-2368364

www.kingsinns.ie



*An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht*